



2024/1755

26.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1755 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meitheamh 2024

maidir le haigéad aicéiteach, aicéatáit chailciam agus dé-aicéatáit sóidiam a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh iasc

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta i leith an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmhéastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Rinneadh na substaintí aigéad aicéiteach, aicéatáit chailciam agus dé-aicéatáit sóidiam a údarú gan teorainn ama, i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh na substaintí sin i gClár na mBreiseán Beathaithe mar tháirgí a bhí ann cheana, i gcomhréir le Airteagal 10(1), pointe (b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas chun athmhéastóireacht a dhéanamh ar aigéad aicéiteach, aicéatáit chailciam agus dé-aicéatáit sóidiam le haghaidh iasc. D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí na breiseáin sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'leasaithigh'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a éilítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis na hiarratais.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás) ar an gconclúid sna tuairimí uaidh an 6 Iúil 2023 ⁽³⁾ go bhfuil aigéad aicéiteach (agus a shalainn) sábháilte do gach iasc ar an uasleibhéal molta 2 500 mg aigéad aicéiteach/kg beatha iomlán. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid ina thuairimí eile roimhe seo an 1 Feabhra 2012 ⁽⁴⁾ agus an 6 Bealtaine 2021 ⁽⁵⁾ nach bhfuil éifeacht dhíobhálach ag aigéad aicéiteach ar shábháilteacht an tomhaltóra ná ar an gcomhshaol agus go mbraitheann na rioscaí a bhaineann le húsáideoirí a láimhseálann aigéad aicéiteach ar an tiúchan, ar rioscaí iad lena n-áirítear greannú craicinn, súl agus na conaire riospráide (tiúchan 10–25 %) agus creimeadh (tiúchan > 25 %) agus gur cheart salainn aigéid aicéitigh a mheas mar ghreannaitheoir láidir lena mbaineann riosca ar leith do na súile. Chinn an tÚdarás freisin go bhféadfadh aigéad aicéiteach agus a shalainn a bheith ina leasaithigh in ábhair bheatha. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann aigéad aicéiteach, aicéatáit chailciam agus dé-aicéatáit sóidiam na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substaintí sin a údarú. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí na mbreiseán a chosc.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj>).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(7):8176.

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2012;10(2):2571.

⁽⁵⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(6):6615.

- (6) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn, substaintí a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'leasaithigh', údaraítear iad mar bhreiseáin bheathaithe i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Aigéad aicéiteach, aicéatáit chailciam agus dé-aicéatáit sóidiam mar a údaraítear iad de bhun Threoir 70/524/CEE agus na réamh-mheascáin a bhfuil na breiseáin sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 16 Eanáir 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 16 Iúil 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe má tá siad beartaithe d'iasc.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na breiseáin bheathaithe a shonraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 16 Iúil 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 16 Iúil 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe má tá sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-iasc.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint a shonraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 16 Iúil 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 16 Iúil 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-iasc.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: leasaithigh								
1a260	Aigéad aicéiteach	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Aigéad aicéiteach ≥ 99,8 % Foirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Aigéad aicéiteach ≥ 99,8 % C₂H₄O₂ Uimh. CAS 64-19-7 Uisce: ≤ 0,15 % Ábhar neamh-ghalaithe ≤ 30 mg/kg Aigéad formach agus a shalainn agus ábhar eile in-ocsaídithe ≤ 0,5 g/kg Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach lena n-áirítear táirgeadh ceallalóis (mar sheachtháirge) <i>Modh Anailíse ⁽¹⁾</i> Maidir le haigéad aicéiteach a chinneadh mar aigéad aicéiteach iomlán sa bhreiseán beathaithe, sna réamh-mheascáin, agus i mbeatha chumaisc: Crómatagrafaíocht Ian le Brath Seoltachta IC-CD (EN 17294)	Éisc	-	-	2 500	1. Ní rachaidh an meascán d'fhoinsí éagsúla d'aigéad citreach thar na huasleibhéil is ceadmhach in ábhair bheatha iomlána. 2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla atá iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. 3. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin, an réamh-mheascáin agus an ábhair bheatha, ba cheart na forálacha lipéadaithe seo a leanas a shonrú: 'Is fritásctha é úsáid chomhuaineach a bhaint as aigéid orgánacha éagsúla i gcás ina mbaintear úsáid as ceann amháin nó níos mó díobh ag leibhéal an uaschion is ceadmhach nó i ngar dó'.	16 Iúil 2034

(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: leasaitheigh								
1 a 262	Dé-aicéatáit sóidiam	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Dé-aicéatáit sóidiam ≥ 97 % Foirm sholadach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Dé-aicéatáit sóidiam (ainhidriúil agus trihiodráit) NaC₄H₇O₄ Uimh. CAS 126-96-5 Aicéatáit sóidiam ≥ 58 % Aigéad aicéiteach ≥ 39 % Uisce ≤ 2 % Aigéad formach agus a shalainn agus ábhar eile in-ocsaídithe ≤ 1g/kg Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach <i>Modh Anailíse ⁽¹⁾</i> Maidir le sóidiam a chinneadh sa bhreiseán beathaithe: EN ISO 6869: speictriméadracht ionsú adamhaigh (AAS) nó EN 15510: speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach (ICP-AES) Maidir le dé-aicéatáit sóidiam a chinneadh mar aigéad aicéiteach iomlán sa bhreiseán beathaithe, sna réamh-mheascáin, agus i mbeatha chumaisc: Crómatagrafaíocht lan le Brath Seoltachta IC-CD (EN 17294)	Éisc	-	-	2 500 (mar aigéad aicéiteach)	1. Ní rachaidh an meascán d'fhoinsí éagsúla d'aigéad citreach thar na huasleibhéil is ceadmhach in ábhair bheatha iomlána. 2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibriochtúla agus bearta eagraíochtúla atá iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don analú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. 3. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin, an réamh-mheascáin agus an ábhair bheatha, ba cheart na forálacha lipéadaithe seo a leanas a shonrú: 'Is fritásctha é úsáid chomhuaineach a bhaint as aigéid orgánacha éagsúla i gcás ina mbaintear úsáid as ceann amháin nó níos mó díobh ag leibhéal an uaschion is ceadmhach nó i ngar dó'.	16 Iúil 2034
⁽¹⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga								

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: leasaitheigh								
1a263	Aicéatáit chailciam (ainhidriúil agus monaihiodráit)	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Aicéatáit chailciam ≥ 98,7 % Foirm sholadach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Aicéatáit chailciam ≥ 98,7 % C₄H₆CaO₄ Uimh. CAS 62-54-4 Uisce ≤ 6 % Aigéad formach agus a shalainn agus ábhar eile in-ocsaídithe ≤ 1g/kg Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach <i>Modh Anailíse ⁽¹⁾</i> Maidir le cailciam a chinneadh sa bhreiseán beathaithe: EN ISO 6869: speictriméadracht ionsú adamhaigh (AAS) nó EN 15510: speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach (ICP-AES) Maidir le haicéatáit chailciam a chinneadh mar aigéad aicéiteach iomlán sa bhreiseán beathaithe, sna réamh-mheascáin, agus i mbeatha chumaisc: Crómatagrafaíocht Ian le Brath Seoltachta IC-CD (EN 17294)	Éisc	-	-	2 500 (mar aigéad aicéiteach)	1. Ní rachaidh an meascán d'fhoinsí éagsúla d'aigéad citreach thar na huasleibhéil is ceadmhach in ábhair bheatha iomlána. 2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibriochtúla agus bearta eagraíochtúla atá iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don analú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. 3. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin, an réamh-mheascáin agus an ábhair bheatha, ba cheart na forálacha lipéadaithe seo a leanas a shonrú: 'Is fritásctha é úsáid chomhuaineach a bhaint as aigéid orgánacha éagsúla i gcás ina mbaintear úsáid as ceann amháin nó níos mó díobh ag leibhéal an uaschion is ceadmhach nó i ngar dó'.	16 Iúil 2034
⁽¹⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga								